

An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2025
(OR. en)

9072/25

LIMITE

SAN 238

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Bearta an Aontais maidir le cosc, lena n-áirítear caitheamh tobac agus alcóil a laghdú - <i>Seisiún tuairimíochta</i>

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, nóta cúlra ón Uachtaránacht chun an seisiún tuairimíochta a stiúradh maidir le ‘Bearta an Aontais maidir le cosc, lena n-áirítear tomhaltas tobac agus alcóil a laghdú’ ag Comhairle EPSCO (Sláinte) an 20 Meitheamh 2025.

Réamhrá

Léirítear sa phlé a rinneadh le linn chruinnithe Chomhairle EPSCO, le linn uachtaránacht na Polainne agus na n-uachtaránachtaí a bhí ann roimhe seo, léirítear an phráinn mhéadaitheach a bhaineann le gníomhaíocht a dhéanamh i réimse ghalair a chosc agus an tsláinte a chur chun cinn. Glao láidir ar ghníomhaíocht is ea an easpa fáis atá le brath ar an méadú ar ionchas saoil i dtíortha an Aontais. Ag an am céanna, tá comhthuiscint ann gur i dtús an ghalair is fusa é a leigheas, is é sin, gur shábháilte a bheimid uile san am amach romhainn má dhéantar infheistíocht sa tsláinte phoiblí inniu, rud a laghdóidh teannas dosheachanta sna córais sláinte amach anseo.

Le himeacht aimsire, is ea is soiléire ón bhfianaise eolaíoch go bhfuil ardluach sóisialta agus eacnamaíoch ag baint le sláinte an daonra. Neartaíonn pobal sláintiúil leibhéal folláine na ndaoine aonair, méadaíonn sé an comhtháthú sóisialta agus éifeachtúlacht eacnamaíoch na hoibre, laghdaíonn sé na costais shóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann le cóireáil agus cúram do dhaoine breoite. Is costas daonna í an tsláinte, agus tá luach sóisialta agus eacnamaíoch intomhaiste aici freisin. Beartas costéifeachtach is ea gach beartas a chuireann feabhas ar shláinte fhadtéarmach an daonra.

Is gá leibhéal an chaiteachais ar an tsláinte phoiblí a mhéadú go córasach comhsheasmhach agus an comhar idir na Ballstáit a neartú. Ní mór dúinn gníomhú go tapa agus go dian chun an tionchar a bhíonn ag deitéarmanaint dhiúltacha sláinte a laghdú. Ba cheart go n-áireofaí, sa ghníomhaíocht sin, bearta rialála agus gníomhaíochtaí oideachais, idirghabhálacha i réimse chur chun cinn na sláinte agus galair a chosc.

Ní mór dúinn freagairt i bhfad níos tapúla agus níos éifeachtaí do na feiniméin arb iad na gníomhaíochtaí tráchtála a bhfuil tionchar cinntitheach acu ar an tsláinte is cúis leo; gníomhaíochtaí is ea iad arb iad na hinfheistíochtaí ollmhóra a ndéanann an tionscal iad i margú táirgí díobhálacha a spreagann iad.

Is gá eolas maidir le héifeachtacht agus éifeachtúlacht na gníomhaíochta sláinte poiblí a bhailiú agus a mheas. Gníomhaíocht idirdhisciplíneach is ceart a bheith sa ghníomhaíocht sin, ag dul níos faide ná na bacainní traidisiúnta a bhaineann leis an tslándáil shóisialta a bhainistiú, leis an gcóras cúraim sláinte, leis an oideachas, le cosaint an chomhshaoil agus leis an athrú aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta a chosc. Éilítear leis an ngníomhaíocht sin planáil agus meastóireacht chórasach, agus coigeartú leanúnach d'fhonn barrfheabhsú a dhéanamh; is gá, áfach, freagairt d'athruithe luathaithe sa chomhshaol freisin. Gné a bhfuil ardluach ag baint léi is ea comhar rialta foirmiúil idir na Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

Ól Alcóil

Ba cheart an cúram maidir le teorainn a chur leis an ól alcóil a mheas i gcomhthéacs na sláinte poiblí agus na sábháilteachta poiblí.

De réir EDS, is í an úsáid alcóil an tríú toisc riosca is tábhachtaí do shláinte an duine.

Is féidir níos mó ná 200 galar a nascadh leis an ól alcóil¹. Is iad na galair chardashoithíocha, ina measc sin taomanna croí agus strócanna, an chúis bháis is coitianta a bhaineann leis an mí-úsáid alcóil.

I roinnt mhaith staidéar eolaíoch, scríobhtar gurb é an t-eatánól an príomhthoisc is cúis le 7 siad urchóideacha ar a laghad, lena n-áirítear siad i gcuas an bhéil, san fharaing, sa laraing, sa bhrollach agus san ae.

Tá nasc suntasach ann freisin idir ól alcóil agus neamhoird mheabhairshláinte.

Tá an Pholainn ar bharr rangú thíortha an Aontais, óir is aicise a bhfuil an líon is airde básanna de bharr neamhoird mheabhracha agus iompraíochta a bhaineann leis an úsáid alcóil.

Mar gheall ar na hiarmhairtí a bheadh ann mura laghdaítear ól alcóil, ba cheart dúinn go léir machnamh a dhéanamh ar na bearta ba cheart a dhéanamh chun feabhas a chur ar an tsláinte phoiblí agus ar an tsábháilteacht, agus chun costais shocheacnamaíocha a laghdú.

De réir taighde agus moltaí gaolmhara EDS, is iad seo a leanas na bearta is éifeachtaí:

- **An infhaighteacht eacnamaíoch a theorannú** trí bheartas praghsála iomchuí le haghaidh alcóil,
- **An infhaighteacht fhisiceach a theorannú**, i.e. líon teoranta pointí díolacháin alcóil agus na huaireanta oscailte,
- **Toirmisc agus srianta ar fhógraíocht agus ar chur chun cinn** deochanna alcólacha agus an dlí a fhorfheidhmiú sa réimse sin.

¹ <https://www.who.int/europe/news-room/fact-sheets/item/alcohol-use>.

Má chuirtear teorainn le hinfhaighteacht fhisiceach agus eacnamaíoch alcóil, tá sé ar cheann de na huirlisí is éifeachtaí, is saoire agus is inrochtana atá dírithe ar an ól alcóil a laghdú. Tá tionchar díreach ag infhaighteacht fhisiceach agus eacnamaíoch alcóil ar leibhéal a ólta agus ar fhadhbanna sláinte, sóisialta agus - dá thoradh sin - fadhbanna eacnamaíocha.

Ba cheart tacú leis na straitéisí thuas trí ghníomhaíochtaí coisctheacha agus oideachais; ní féidir, áfach, an t-oideachas, an cosc, cóireáil andúile ná tacaíocht do theaghlaigh a chur in ionad an bheartais rialaithe ná na srianta maidir le rochtain ar alcól. Ba cheart na gnéithe sin go léir a chur san áireamh i mbeartas cuimsitheach alcóil.

Caitheamh tobac agus táirgí nicitín

Tá 11 bhliain ann ó foilsíodh an Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le monarú, cur i láthair agus díol táirgí tobac agus táirgí gaolmhara, lena n- aisghairtear Treoir 2001/37/CE.

Le blianta beaga anuas, tá bagairtí nua ar an tsláinte phoiblí tagtha chun cinn san Eoraip (e.g. táirgí ina bhfuil nicitín sintéiseach, toitíní leictreonacha indiúscartha), atá ag cur as go mór do chur chun feidhme beartais éifeachtaigh frithchaite tobac atá á shaothrú ag an Aontas Eorpach. Is do dhaoine óga is mó an baol a bhaineann leis na táirgí seo a úsáid, ós rud é gur fíorbhagairt í a bhféadfadh andúil a chothú sa tsubstaint thocsaineach, an nicitín, i measc na mílte mionaoiseach. Tá bearta éagsúla á ndéanamh ag na Ballstáit chun caitheamh tobac agus táirgí gaolmhara a laghdú. Tá sé tábhachtach faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart sin.

Moltaí beartais do na Ballstáit

- **Malartú córasach, institiúideach taithí a fhorbairt** idir na hinstiúidí náisiúnta agus idirnáisiúnta i réimse na gclár agus na mbeartas sláinte éagsúil, lena n-áirítear malartú sonraí agus taithí maidir le gach ar éirigh leis agus gach nár éirigh leis i dtionscnaimh na sláinte poiblí.
- **Cineálacha cur chuige coiteanna Eorpacha a fhiosrú agus a fhorbairt** maidir leis an tsláinte a chur chun cinn agus galair a chosc a d'fhéadfadh breisluach a thabhairt trí eolas, acmhainní agus tacaíocht a mhalartú chun caighdeán a chomhchuibhiú, lena n-áirítear comhaontú maidir le critéir thrédhearcacha chomhsheasmhacha chun meastóireacht a dhéanamh ar idirghabhálacha chun a n-ardcháilíocht a choinneáil;
- **Gníomhaíochtaí a dhéanamh maidir le hinfheidhmeacht agus inoiriúnaitheacht na ndeachleachtas** i gcomhthéacsanna éagsúla náisiúnta agus áitiúla, agus iad a bhunú ar eagrú córasach faisnéise i ndáil le bearta éifeachtacha i réimsí téamacha agus i spriocghrúpaí idirghabhálacha

Ba cheart an méid seo a leanas a chur san áireamh agus seirbhísí sláinte poiblí á bpleanáil fud fad an Aontais; riachtanais na bpobal, atá ag athrú go tapa; na hacmhainní agus na roghanna atá ar fáil; na deitéarmanaint chomhthéacsúla i saol an duine; agus na hidirghabhálacha a rinneadh. Go háirithe, ba cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar riachtanais sláinte an phobail ag céimeanna éagsúla den saol. Ag an am céanna, is gá tosaíocht a thabhairt do leanaí agus do dhéagóirí, ar dream iad atá neamhchosanta ar spreagthaí nua agus diúltacha, agus ar ghrúpaí íogaire, cuir i gcás daoine scothaosta.

Is dúshlán suntasach don Aontas Eorpach é galar a chosc, go háirithe galair thógálacha a chosc, - is réimse é arb iad teorainneacha oscailte agus an tsaoirse gluaiseachta is sainghné dó, agus a bhfuil rabharta inimirce atá ag dul i méid ó áiteanna éagsúla ar fud an domhain roimhe.

CEISTEANNA ATÁ LE PLÉ

1. I do thuairim, cad iad na príomhthosaíochtaí i réimse na gníomhaíochtaí sláinte poiblí don Aontas Eorpach go ceann 3-5 bliana?
 2. An bhfuil aon ghníomhaíocht ba cheart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais, trí na hinstitiúidí Eorpacha? Cad iad na gníomhaíochtaí sin?
 3. Cad iad na gníomhaíochtaí praiticiúla is féidir linn a dhéanamh san Aontas agus idir na Ballstáit chun an comhar institiúideach a neartú maidir le galair a chosc agus an tsláinte a chur chun cinn?
-